Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB)

Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023

d

Clár an ábhair

Réamhrá 3

Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023 4

Ráiteas ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023 6

1. RÉAMHRÁ

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2022, tugadh isteach an bunús reachtaíochta chun tuairisicú a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní. De bharr na rialachán, beidh eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí faoi cheangal dlí tuarascáil a sholáthar faoin mbearna phá idir na hinscní a bhí san eagraíocht.

Is é seo an chéad Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB). Bunaíodh í ar ghrúpa fostaithe a ndearnadh anailís orthu i mí Meithimh 2023. Is éard atá sa bhearna phá ná an difear idir an meánphá san uair idir fir agus mná in eagraíocht, beag beann ar shinsearacht.

Ní mór d'fhostóirí tuairisc a sholáthar maidir le sé bheart éagsúla, bunaithe ar roghbhlúire de shonraí pá ar dháta roghnaithe ag Oifig Comhionannais an Rialtais (I.R. Uimhir 264 de 2022):

1. Bearna phá airmheánach idir na hinscní – an difríocht idir ráta pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
2. Meánbhearna phá idir na hinscní – an difríocht idir an mheánráta pá a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
3. Bearna bhónais airmheánach – an difríocht idir an bónas airmheánach a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
4. Meánbhearna bónais – an difriocht idir an meánphá bónais a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
5. Comhréir na mbónas – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann ábhartha a fuair bónas sa tréimhse ábhartha.
6. Bandaí pá ceathairíleacha – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann i bpoist lánaimseartha ábhartha sna ceithre bandaí pá ceathairíleacha – íseal, méaníseal, meánuachtarach agus uachtarach.

Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí ráiteas a fhoilsiú ina leagtar amach, i dtuairim na bhfostaithe, an fáth go bhfuil bearna phá idir na hinscní ina gcomhlacht, agus na bearta atá á ndéanamh nó a bheidh á ndéanamh ag an bhfostóir chun deireadh a chur leis an mbearna phá sin nó í a laghdú.

2. ANAILÍS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2023

Léiríonn an tuarascáil gurb í 2.33% an Mheánbhearna Phá idir na hInscní atá ann agus 0.23% an Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní atá ann.

Ar an iomlán, is é seo an miondealú inscne a bhí ann: Fireann 31.35% Baineann 68.65%

- Páirtaimseartha Fireann 29.87% Baineann 70.13%
- Lánaimseartha Fireann 32.55% Baineann 67.45%

Dáta Roghbhlúire	29 Meitheamh 2023	**Meánach: 2.33% Airmheán: 0.23%**
Tréimhse thuairiscithe – Ó	30 Meitheamh 2022	
Tréimhse thuairiscithe – Go dtí	29 Meitheamh 2023	

Líon na nDaoine ar an Dáta Roghbhlúire

Líon na nDaoine	Fostaithe Lánaimseartha	Fostaithe Páirtaimseartha	**Líon iomlán na bhFostaithe**	
Fireann	345	286	**631**	
Baineann	715	667	**1382**	
Iomlán	**1050**	**934**	**2013**	

Méadracht ar an mBearna Phá idir na hInscní *[Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]*

	Bearna Phá idir na hInscní san Íocaíocht in aghaidh na hUaire			
	Meán	%	Airmheán	%
Fostaithe Lánaimseartha	R.7(1)(a)	**5.00**	*R.8(1)(a)*	**3.49**
Fostaithe Páirtaimseartha	R.7(1)(b)	**-0.74**	*R.8(1)(b)*	**0.72**
Oibrithe Sealadacha	R.7(1)(c)	**N/B**	*R.8(1)(c)*	**N/B**

	Bearna Phá idir na hInscní maidir le Bónas			
	Meán	%	Airmheán	%
Bónas	R.9(1)(a)	N/B	R.9(1)(b)	N/B

	% na bhFostaithe Fireann		% na bhFostaithe Baineann	
% atá ag fáil Bónas	R.9(1)(c)	N/B	R.9(1)(c)	N/B
% atá ag fáil Sochar Comhchineáil	R.9(1)(d)	N/B	R.9(1)(d)	N/B

Ceathaíleanna Pá		% Fireann		% Baineann
Ceathairíl 1	*R.10(1)(a)*	**50.73**	*R.10(1)(a)*	**49.27**
Ceathairíl 2	*R.10(1)(b)*	**50.15**	*R.10(1)(b)*	**49.85**
Ceathairíl 3	*R.10(1)(c)*	**49.92**	*R.10(1)(c)*	**50.08**
Ceathairíl 4	*R.10(1)(d)*	**51.00**	*R.10(1)(d)*	**49.00**

Is ionann an Meánach agus meán, a thomhaistear trí theacht ar an difear idir an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireann agus an meánráta pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe baineann, é léirithe mar chéatadán den ráta in aghaidh na huaire d'fhireannaigh. Is ionann an tAirmheán agus an figiúr a thiteann i lár an raoin nuair a liostaítear ráta pá in aghaidh na huaire gach fostaí, ón ráta is ísle go dtí an ráta is airde. Féadfaidh seo léiriú níos cruinne de na difríochtaí pá a chur i láthair.

Fostaithe Lánaimseartha:

Meánbhearna Phá idir na hInscní d'fhostaithe lánaimseartha

Is í an meánbhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire ná 5.0% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

Bearna Phá Airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha

Is í an bhearna phá airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha ná 3.49% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

Fostaithe páirtaimseartha:

Meánbhearna phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha

Is í an mheánbhearna phá idir na hInscní in aghaidh na huaire d'fhostaithe páirtaimseartha ná -0.74 i bhfabhar fostaithe fireann/baineann. Mar sin, tá an meánach pá do bhaineannaigh níos airde sa chatagóir seo.

Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha

Is í an bhearna phá airmheánach idir na hinscní d'fhostaithe páirtaimseartha ná 0.72% i bhfabhar fostaithe fireann/baineann.

3. RÁITEAS AR BHEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2022

Déanann an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, scálaí tuarastail na mBord Oideachais agus Oiliúna a fhaomhadh. Níl aon solúbthacht ann scálaí tuarastail eile a chur i bhfeidhm maidir le tacar sainscileanna ar bith. Tarlaíonn sé ó am go ham go bhfuil fostaí nua ag bogadh ó phost sa tseirbhís phoiblí. Má cheaptar é/í i bpost a mheastar go bhfuil sé analógach leis an ngrád/scála atá aige/aici cheana féin, d'fhéadfaí an fostaí nua a cheapadh ag an bpointe atá acu ar an scála ag an am sin.

Cloíonn GRETB le gach scála seirbhíse poiblí agus le gach comhaontú pá atá ann. Soláthraíonn siad sin do phá comhionann, beag beann ar inscne. Cloímid freisin le Ciorclán 47/2020 – Socruithe athbhreithnithe maidir le pá tosaigh. Sa chiorclán seo, deirtear go gcaithfimid daoine a cheapadh ag an íosphointe ar an scála.

Déanann GRETB a dhícheall dul de réir an dea-chleachtais agus déantar cinnte de go bhfuil rochtain ag cách ar ár n-áiteanna oibre. Bíonn cothromaíocht inscne inár mBoird Agallaimh ar fad. Téann ar gcomhaltaí boird faoi oiliúint, agus cuireann ár bpolasaithe agus nósanna imeachta gaolmhara ionchuimsitheacht chun cinn.

Is airde líon na mban (69%) ná líon na bhfear (31%) atá fostaithe i mbeagnach gach grád in GRETB, mar sin d'fhéadfaí an cheist a chur faoin gcúis atá le bearna phá idir na hinscní a bheith ag tarlú. Taispeánann an anailís atá déanta againn gurb iad mná, den chuid is mó, a bhaineann leas as scéimeanna a oireann do theaghlaigh. Má bheartaíonn fostaithe post a roinnt, bliain oibre níos giorra a bheith acu srl. laghdófar a bpá bliantúlaithe agus is iad mná den chuid is mó sa BOO a bhaineann leas as scéimeanna atá oiriúnach do theaghlaigh. Dá bharr sin, tagann bearna phá chun cinn idir na hinscní.

Leanfaidh GRETB ar aghaidh le hanailís a dhéanamh agus díriú isteach ar léargais a thagann chun cinn inár dtuarascálacha bliantúla ar Bhearnaí Phá idir na hInscní, agus forbróimid gníomhartha agus tionscnaimh mar is gá sna blianta atá romhainn chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn, tar éis dul i gcomhairle nuair is cuí leis an Roinn Oideachais/an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS).